

☘ An Lúibín ☘

29 Meitheamh 2007

Raidió Fáilte

Raidió Fáilte, which is based in Belfast, can now be heard on-line.

Tá stair na stáisiún Gaeilge gan scríobh go fóill, thuaidh nó theas, ach bheadh áit ag BBC Uladh ann mar chomhartha dea-mhéine agus ag Raidió Fáilte mar chomhartha ceanndánachta. Toradh eile é ar bhláthú na teanga thuaidh.

Eolas ó Dhónall Mac Giolla Chóill, iriseoir agus gníomhaí: tá **Raidió Fáilte 107.1FM** ar fáil i nGaeilge ar: <http://www.raidiofailte.com>.



Gaeltacht na hEorpa

The first European convention of Irish-language organisations has been held.

Is gearr ó bhí an Chomhdháil *Gaeltacht Europe* ar siúl in Frankfurt na Gearmáine, agus breis agus 70 duine ann as tíortha ar fud na hEorpa.

Glór na nGael a chur ar bun í in éineacht le DIGRM, eagraíocht de chuid na Gearmáine, agus cuspóir acu na daoine agus na grúpaí atá ag cothú na Gaeilge sa Eoraip a thabhairt le chéile chun díospóireacht a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun dlús a chur leis an obair.

Pléadh borradh na Gaeilge taobh amuigh d'Éirinn, scéimeanna tacaíochta, an Léann Ceilteach, teagasc na Gaeilge agus feidhmiú na n-eagraíochtaí. Deirtear nach mbeadh an chomhdháil ann murach stádas oifigiúil na teanga san Aontas Eorpach, ach thosaigh Eorpú seo na teanga roimhe sin, cé nach beag an cúnamh chuige an t-aitheantas riaracháin.

B'fhéidir go bhfuil sé in am comhdháil eile a bheartú – ceann a thabharfadh Gaeilgeoirí Mheiriceá Thuaidh le chéile, mar shampla.



Na hinimircigh

Thousands of foreign workers have come to Ireland, bringing their languages – an event unprecedented in the country's history. Now there is a debate over what this means for the Irish language.

Tá an Dr David Barnwell, Roinn na Spáinnise, Ollscoil na hÉireann, ar mhalairt aigne leis an Aire Éamon Ó Cuív. Chuir sé siúd fáilte roimh theangacha nua san Ardeist agus é á rá gur mór an cúnamh don Ghaeilge na teangacha sin a bheith á dtabhairt anall i mbéal na mílte inimirceach.

Teangeolaí is ea an Dr Barnwell agus deir sé nach bhfaca sé riamh aon teanga lag ar tháinig neart úr inti de bharr maidhm theangacha nua. I rith na ndeich mbliana seo anuas tháinig na mílte oibrí eachtrannach chun na hÉireann, inimirce (a deir an Dr Barnwell) nach ndearnadh go rianúil agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo in Éirinn. Faoi láthair níl Gaeilge go fiú ar an gcúigiú teanga is mó a labhraítear in Éirinn. Lasmuigh den Bhéarla, is í an Pholainnis is mó a úsáidtear.

Deir an Dr Barnwell nach amhlaidh go bhfuil olc ag na hinimircigh don Ghaeilge. A mhalairt ar fad. Is amhlaidh nach bhfuil suim ar bith acu inti.

Chuaigh Ariel Killick i ngleic leis an Dochtúir. Astrálach ildánach mná í a d'fhoghlaim scoth na Gaeilge sa tír seo agus a bhain Éire amach ina dhiaidh sin. Tá baint aici le brúghrúpa inimirceach ar Gaeilgeoirí ar fad iad, rud a thug uirthi amhras a chur i scéal an Dr Barnwell.

Ní mór a chuimhneamh agus na cúrsaí seo á bplé nach rófhada a bheidh na teangacha iasachta úd á labhairt in Éirinn mura leanann an inimirce. Déanfaidh an Béarla an chaint strainséartha a mhúchadh i gceann glúine nó dhó. Leanfaidh an Ghaeilge uirthi ag dul i neart mar theanga chathrach, beag beann ar Pholainnis nó ar Shínis a bheith ann nó as. Is léir nach bhfuil aon suim mhór ag formhór na n-inimirceach inti; is dócha nach bhfuil a fhios ag an gcuid is mó díobh go bhfuil sí ann fiú, cé nach mór díograis Ariel agus a cairde a mholadh. Ach eisceachtaí suntasacha iad sin.

Ní hé sin le rá nach spreagfaí corrÉireannach chun suim a chur sa Ghaeilge de bharr na hinimircigh a chur i gcumhne dó nach gá a bheith taobh le Béarla i gcónaí. Agus is léir go gcuireann beagán inimirceach agus eachtrannach spéis sa teanga, más acu féin is fearr a fhios cén fáth a ndéanann siad é – le hoighreacht nó le haistíl. Ag an Dochtúir atá an ceart, tríd is tríd. Ach téann sé amú agus é ag deánamh tagairte do *our ailing ancestral tongue*. Ar nós a lán eile, tá aird mo dhuine ar an taobh contráilte tíre – taobh na Gaeltachta oifigiúla. Más ó na cathracha a thiochfaidh an chéad ghlúin eile de chainteoirí dúchais (agus ní dóichíde rud de ná go dtiocfaidh) ní mór do leithéidí an Dochtúra a n-aird a dhíriú ar na sráideanna.



Gaeltacht Mheiriceá

An official Gaeltacht for Canada.

Ar 16/6/07 bunaíodh Gaeltacht Bhuan Thuaisceart Mheiriceá go hoifigiúil in Ontario, Ceanada. Toradh is ea é seo ar dhíograis agus ar dhúthracht Chumann na Gaeltachta, dream Ceanadach a chaith tamall maith ag cothú na Gaeilge sa tír, agus cuimhne acu ar na cainteoirí dúchais go léir a tháinig ó Eirinn le trí chéad bliain anuas.

Os cionn dhá chéad duine a bhí ag an deasghnáth. Bhí Ambasadóir na hÉireann ann agus thug sé óráid uaidh i nGaeilge. Dúirt cathaoirleach Chumann na Gaeltachta, Aralt Mac Ghiolla Chainnigh, nach raibh ann ach an tús ach gur mhaith an tús é agus gurbh é sin leath na hoibre.

Trí fichid acra atá ann, agus pleananna dhá bhliain, cúig bliana agus deich mbliana beartaithe ag an gCumann chun an Ghaeltacht a chur chun cinn. Níl a leithéid déanta san Astráil fós ná aon súil leis, agus is dócha gurbh é an aidhm atá ag Cumann na Gaeltachta teaghlaigh a chur ag tógáil a gclainne le Gaeilge i gCeanada agus gréasán Gaeilgeoirí mar thaca acu. Is cosúil gurbh fhusa go mór é sin a dhéanamh i gCeanada ná san Astráil (féach alt le hAralt faoi staid na teanga thall ar *An Lúibín*, 1/8/05).

Díol spéise é an caidreamh atá ag na Gaeilgeoirí leis an bpobal Móhac in Ontario agus suim acu araon in athbheochan teanga. Dá chomhartha sin bhí an gníomhaí Móhacach Iehnhotonkwás ag an deasghnáth.



Oideachas in Éirinn

The Irish government has confirmed that immersion teaching in Gaelscoileanna will continue and has promised more facilities. In the meantime, Education Department reports suggest that Irish could given a more 'central' place in the planning of secondary school work. And the thousands of children from other countries who now attend Irish schools are getting much-needed help with English.

An cinneadh a rinne an tAire Oideachais Béarla a chur á mhúineadh i ranganna naíonáin na nGaelscoileanna tá sé curtha ar ceal aici tar éis di dul chun cainte le lucht oideachais na Gaeilge.

Tá an eagraíocht Gaelscoileanna sásta le rud eile – gealladh go gcuirfear caoi cheart ar scoileanna nua agus ar scoileanna a bunaíodh cheana. Bhí dianghá leis seo, agus easpa cóiríochta ar na scoileanna le blianta fada anuas. Deirtear freisin go dtabharfar breis airgid do scoileanna agus go mbeidh laghdú ar líon na ndaltaí sna ranganna. (Is mó go mór an t-éileamh ar oideachas lánGhaeilge ná an soláthar.)

Tá múinteoirí le Gaeilge go mór in easnamh ar scoileanna na hÉireann trí chéile. Éiríonn leis na Gaelscoileanna cuid Mhic Chraith de na múinteoirí sin a fháil, cé go bhfuil cuid díobh níos fearr ná a chéile. Tá an rialtas tar éis a chur in iúl go n-earcófar níos mó múinteoirí atá in ann gach ábhar a mhúineadh trí Gaeilge. Ní dúradh cá bhfaighfí iad – is beag ábhar múinteora a fhágann an scoil ina Ghaeilgeoir.



Tá an oiread sin páistí eachtrannacha i scoileanna na hÉireann anois go bhfuil an Roinn Oideachais ag soláthar níos mó múinteoirí cunta chun Béarla a mhúineadh dóibh. Beidh ar na páistí scrúdú Béarla a dhéanamh sa bhunscoil agus sa mheánscoil, agus beidh cúnaimh le fáil ar feadh tréimhse níos faide ná an dá bhliain a leagadh síos go dtí anois.

Tá timpeall 32,000 daltaí ón iasacht ann agus tá 20,000 duine díobh le fáil sna bunscoileanna. Deirtear go mbeidh 8,000 níos mó acu ann in aghaidh na bliana go ceann deich mbliana eile.



Chuir Roinn Oideachais na hÉireann tuarascálacha amach an mhí seo a deir, i measc rudaí eile, gur gá béim níos mó a chur ar Ghaeilge i bpleanáil an churaclaim. Tríd is tríd, ceapann an Roinn go raibh ag éirí go maith leis na meánscoileanna ar an dóigh sin, cé go ndúradh go raibh 'deacrachtaí' ag cúpla coláiste.

Ní admhálann na tuarascálacha go bhfuil ag teip go fóill ar fhorhmór na ndaltaí máistreacht a fháil ar an teanga d'ainneoin a ndéanann siad de staidéir uirthi. Cíoradh na cúiseanna minic go leor; níl ag teastáil anois ach an leigheas.



Cumann Scríbhneoirí Óga

An organisation is being mooted for young writers in Irish.

Tá Ríona Nic Congáil ag iarraidh cumainn do scríbhneoirí óga na Gaeilge (faoi bhun 35) a chur ar bun. Ba mhaith léi coiste a chur ar bun ach deir sí go bhfuil sé deacair go leor teacht ar scríbhneoirí óga eile. Ba bhreá léi eolas a fháil ó aon duine a bhfuil suim aige sa ghnó.

Beidh an cumann cosúil le Cumann Scríbhneoirí Óga na Catalóine, an t-aon chumann scríbhneoireachta do dhaoine óga san Eoraip, agus deir Ríona go bhfuil ag éirí go hiontach leis an gcumann sin i gcúrsaí teanga agus litríochta. Ar bhealach, dar léi, bheadh an cumann Éireannach cosúil le 'Irish PEN'. Tá súil aici go mbeidh ceardlanna scríbhneoireachta, ciorcail

léitheoireachta agus foilseacháin mar chuid den obair, ach caithfear an bhunobair a dhéanamh ar dtús.

Seo é an seoladh ríomhphoist: scribhneoiri.oga@gmail.com.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au